

INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE

AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH 2017

TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in
<http://www.anpost.ie>; <http://www.gaelbhratach.ie>; <http://www.independent.ie>;
<http://www.oideas-gael.com>; <http://ogras.ie>; <http://www.education.ie>;
<http://www.tuairisc.ie>.

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2017.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógraíonn An Post go bhfuil comórtas nua á eagrú acu do leanaí bunscoile i gcomhar le Cumann Múinteoirí Éireann. Comórtas peannaireachta atá ann agus is é an téama atá aige ná an saol in Éirinn ag tús an chéid seo caite.

Beidh ceithre chatagóir sa chomórtas agus bronnfar duaiseanna iontacha ar na buaiteoirí agus ar a múinteoirí i ngach catagóir. Ina theannta sin, eagrófar Turas Ranga Speisialta ar an Ionad Cuairteoirí nua in Ard-Oifig an Phoist do na leanaí go léir i rang gach buaiteora.

Má tá spéis agat cur isteach ar an gcomórtas, gheobhaidh tú gníomhaíochtaí ullmhúcháin chomh maith le treoirí iontrála ag an suíomh idirlín, www.anpost.ie. Beidh ort d'iontráil a chur sa phost chuig: Comórtas Peannaireachta, Saorphost, Bosca PO 11201, Baile Átha Cliath 1. Is é an cúigiú lá déag d'Aibreán, 2017, an lá deireanach d'iontrálacha.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógra anseo ó Ghael Linn faoi Ghaelbhratach. Is scéim scoile í Gaelbhratach atá dírithe ar bhunscoileanna ina múintear trí mheán an Bhéarla, chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn. Tá sé mar phríomhchuspóir ag an scéim tacaíocht a thabhairt don obair a dhéanann múinteoirí, Gaeilge neamhfhoirmiúil a úsáid ag ócáidí éagsúla i rith an scoil-lae.

Má chláraíonn do scoil don scéim agus má shásaíonn do scoil na critéir, bronnfar Gaelbhratach ar do scoil. Beidh do scoil in ann an bhratach a chur ar foluain lasmuigh den scoil mar chomhartha go mbíonn an Ghaeilge in úsáid mar theanga bheo ag páistí agus ag foireann na scoile.

Tá tuilleadh eolais faoin scéim ar fáil ag www.gaelbhratach.ie nó trí ghlaó a chur ar an Oifigeach Tionscadail ag (01) 6751200. Cuirfear leabhrán tacaíochta ina bhfuil smaointe praiticiúla ar fáil do gach scoil a chláraíonn don scéim.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Tá áthas ar Institiúid Oideachais Marino a fhógairt go gcuirfear cúrsaí don Cháilíocht sa Ghaeilge ar fáil i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste, sa todhchaí.

Ar an tríú lá is fiche d'Eanáir, 2017, sholáthair Rannóg na Gaeilge, Institiúid Oideachais Marino Lá Oiliúna do Theagascóirí i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. I measc na dteagascóirí a d'fhreastail ar an Lá Oiliúna bhí Seán Mac Corraidh, Gabrielle NigUidhir, Padaí de Bléine agus Aileen Nic Íomhair. Fuair siad ionchur ar an Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge agus ar Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge.

Mhainigh Roinn Oideachais Thuaisceart Éireann (*DENI*) an comhoibriú Thuaidh/Theas seo idir Institiúid Oideachais Marino agus Coláiste Ollscoile Naomh Muire. Gheobhaidh tú tuilleadh eolais faoin togra ag www.ilrweb.ie nó trí ghlaó a chur ar Mháire Áine Nic Dhonnchadha ag Oifig na gCáilíochtaí Gaeilge.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le

Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Daithí: Dia duit, a Shinéad. An bhfaca tú Paul agus Gary O' Donovan ar Sheó Graham Norton ag an deireadh seachtaine?
- Sinéad: Ní fhaca. An raibh siad go maith?
- Daithí: Bhí siad ar fheabhas ach dúradh ar *Twitter* nach raibh an lucht féachana i Sasana in ann iad a thuiscint!
- Sinéad: Ní chuireann sé sin aon ionadh orm. Tá tuin chainte láidir Chorcaí acu.
- Daithí: 'Bhfuil a fhios agat, a Shinéad, bhí siad thar a bheith greannmhar.
- Sinéad: Chreidfinn é sin. Bíonn siad i gcónaí lán le spraoi ach caithfidh go bhfuil siad díograiseach agus dúthrachtach taobh thiar den phleidhcíocht sin go léir.
- Daithí: Ó! Tá siad an-tiomanta ar fad dá spórt. Nach mbíonn siad ag traenáil gach lá.
- Sinéad: Chuala mé iad ag caint ar an raidió le déanaí faoin sceideal traenála a bhíonn acu. Bíonn siad ag cleachtadh ó dhubh go dubh agus ní bhíonn sé éasca.
- Daithí: Déarfainn nach mbíonn. Ní bhuaitear bonn airgid sna Cluichí Oilimpeacha gan obair dhian a chur isteach.
- Sinéad: Dúirt siad go ndéanann siad trialacha ama ar an uisce gach aon lá. Is dócha go bhfuil siad ag réiteach cheana féin do na Cluichí Oilimpeacha a bheidh ar siúl i dTóiceo i gceann trí bliana.
- Daithí: Is dócha go bhfuil an ceart agat.
- Sinéad: Tá an-chuid oibre ar siúl acu do na meáin chumarsáide i láthair na huaire, nach bhfuil?
- Daithí: Tá. Is mian leo an rámhaíocht a chur chun cinn mar spórt in Éirinn.
- Sinéad: Bhuel! Tá ag éirí leo é sin a dhéanamh. Tá páistí ag iarraidh ballraíocht a thógáil amach i gclubanna rámhaíochta ar fud na tíre mar gheall ar a dtionchar.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Tomás: Ní chreidim é, a Thríona! Tá tú ar ais cheana féin ón mbaile mór.
(Seosamh)
- Tríona: Tá. An bhfuil a fhios agat?
(Treasa) Bhí sé an-chiúin ar fad istigh ansin ar maidin.
- Tomás: Ach cheap mé go raibh tú ag dul go dtí an gruagaire.
- Tríona: An ag magadh fúm atá tú, a Thomáis? Bhí mé ag an ngruagaire.
- Tomás: Tá an-bhrón orm, a Thríona. Tá do chuid gruaige go hálainn. Níor thug mé faoi deara í. Sin an méid.
- Tríona: Is cuma.
- Tomás: Bhí sé ciúin sna siopaí, bhí tú ag rá.
- Tríona: Bhí. Chuaigh mé go dtí an t-ollmhargadh ar dtús agus ní raibh aon leitís acu. Bhí orm dul síos go dtí an siopa glasraí. D'éirigh liom leitís agus oráistí breátha a aimsiú ansin.
- Tomás: Ar chuimhnigh tú ar an gceadúnas teilifíse?
- Tríona: Chuimhnigh. Fuair mé ceadúnas nua in Oifig an Phoist agus cheannaigh mé *Quick Pick* don Chrannchur Náisiúnta ansin, freisin.
- Tomás: Go hiontach. Beidh sé mhilliún euro sa phota óir ag an gcrannchur anocht.
- Tríona: Bhuel! Is liomsa an ticéad... Ach, 'bhfuil fhios agat, a Thomáis, má dhéanann tú an dinnéar dom, roinnfidh mé an ticéad leat!
- Tomás: Ceart go leor. Déanfaidh mise an dinnéar inniu mar sin.
- Tríona: Ar fheabhas! Fuair mé dhá pháosa stéige ag an mbúistéir. Tá siad sa mhála siopadóireachta. Gheobhaidh tú fataí agus oinniúin sa chuisneoir.
- Tomás: Go breá. Beidh an dinnéar ar an mbord ar a leathuair tar éis a haon.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

- Moya: Cad é mar atá tú, a Sheáin?
(Caitlín)
- Seán: Go maith, go raibh maith agat, a Mhoya.
(Muiris)
- Moya: An ndearna tú aon chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht fós, a Sheáin?
- Seán: Rinne. Rinne mé Cúrsa Ullmhúcháin don Cháilíocht sa Ghaeilge in Oideas Gael i nGleann Cholm Cille.
- Moya: Cathain a rinne tú é?
- Seán: Ag an sos lár-théarma i Mí Feabhra. Thosaigh sé ar an bhfichiú lá den mhí agus chríochnaigh sé ar an séú lá is fiche.
- Moya: Agus cén saghas lóistín a bhí agat?
- Seán: Thóg mé árasán ar cíos. Lóistín féinfhreastail a bhí ann agus tháinig Niamh agus na gasúir liom.
- Moya: Bhí sé sin ar dóigh ach céard a rinne Niamh agus na gasúir nuair a bhí tú ag freastal ar na ranganna?
- Seán: Bhí go leor le déanamh acu. Ar ámharaí an tsaoil, bhí an aimsir go hálainn agus ón bhomaite a shroich siad an áit, bhí siad amuigh ag spaisteoireacht agus ag déanamh rudaí éagsúla. Thaitin sé go mór leo, fosta, cúpla focal Gaeilge a úsáid sna siopaí.
- Moya: Caithfidh gur bhain siadsan an-tairbhe as an tseachtain. Cad é mar a bhí do ranganna?
- Seán: Bhí siad go maith. D'fhoghlaim mé go leor nathanna cainte úsáideacha agus píosa beag gramadaí. Bhí múinteoir spreagúil agam.
- Moya: Táim féin ag smaoineamh ar dhul go Gaoth Dobhair i Mí an Mheithimh.
- Seán: Bhuel! Mholfainn duit an chlann go léir a thabhairt leat.
- Moya: Tchífidh mé.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

D'fhreastail slua mór ar an ócáid, Seó Ardáin na Mumhan a bhí ar siúl i dTrá Lí aréir. Gach bliain, glacann leanaí ó chlubanna Ógrais páirt i Seó Ardáin. Bíonn orthu dráma a chumadh ar théama ar leith agus é a léiriú ansin ar an stáitse os comhair lucht féachana. I mbliana ba é an téama ná an tionchar dearfach a bhíonn ag daoine óga ar an domhan.

Mhínigh Risteárd Ó Fuaráin ó Ógras Chluain Meala, Contae Thiobraid Árann, go ndéantar measúnú ar gach seó de réir critéar ar leith. Dúirt sé go mbíonn na moltóirí ag súil le samhlaíocht sa phlé a dhéanann na páistí ar an téama, go mbíonn siad ag súil le Gaeilge chruinn ar an ardán agus le haisteoireacht chompordach shnasta.

Do dhaoine a chaill Seó Ardáin na Mumhan, beidh Seó Ardáin Laighean ar siúl ar an gceathrú lá is fiche d'Aibreán i Scoil Uí Dhálaigh, Léim an Bhradáin. Beidh ticéid ar fáil ag an doras agus beidh fáilte roimh chách.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Ag ócáid speisialta inné i Scoil Náisiúnta Mhic Dara, ar an gCeathrú Rua, Contae na Gaillimhe, sheol an Taoiseach, Enda Kenny polasaí nua don oideachas Gaeltachta. As seo amach ní bheidh cead ag aon bhunscoil atá ag iarraidh aitheantas a fháil mar scoil Ghaeltachta, an Béarla a mhúineadh do na naíonáin.

Agus é ag caint ag an seoladh, dúirt an Taoiseach gur chreid sé go raibh an Ghaeltacht ríthábhachtach do thodhchaí na teanga agus don chultúr Gaelach agus gur léiriú é an polasaí nua “ar thiomantas an Rialtais don teanga”.

Labhair an tAire Oideachais agus Scileanna, Richard Bruton, ag an ócáid agus rinne sé cur síos ar na dúshlán ar leith a bhíonn ag scoileanna Gaeltachta. Thuill sé bualadh bos mór ón slua agus moladh ón Taoiseach as a phíosa cainte a thabhairt trí Ghaeilge.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Ag ócáid an-deas aréir, thréaslaigh Spórt RTÉ le Cumann Lúthchleas Gael Shleacht Néill as éacht stairiúil a bhaint amach anuraidh. In aon bhliain amháin, bhuaigh an cumann craobhchomórtas camógaíochta Uladh, craobhchomórtas peile Uladh agus craobhchomórtas iománaíochta Uladh. Is é Sleacht Néill an chéad chlub riamh a bhuaigh trí chraobh chúige in aon bhliain amháin.

Is cumann an-ghníomhach é Cumann Shleacht Néill atá suite i bparóiste beag i ndeisceart Chontae Dhoire. Níl ach trí chéad teaghlach sa pharóiste agus tá thart fá sheacht nduine dhéag a imríonn leis na peileadóirí agus leis na hiománaithe araon.

Ag an ócáid aréir, dúirt Des Cahill go bhfuil áit lárnach ag an spórt agus ag gach gné den chultúr Gaelach i saol na ndaoine i Sleacht Néill. Dúirt sé go bhfuil an áit cosúil le Gaeltacht bheag agus go bhféadfá do ghnó go léir a dhéanamh trí mheán na Gaeilge ann dá mba mhian leat.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.